

FEAR NA CURRAIGHE A CHUAIDH GO TAMHAIN

Bhí fear thiar i mbaile an Tighe Mhóir. Fuair sé currach nua déanta agus go deimhin ní fear curraighe a bhí ann mar ní raibh sé luath ná láidir agus níorbh fhearr a bheith. Ní raibh aon easna ina chorp nach raibh ordlach nimh uirthé. Bhí sé chomh bastalach nuair a fuair sé an currach agus go ndeachaidh sé i gcomórtas le togha na bhfear fairrge agus ag Dia atá fhios má chuaidh leis. D'éirigh sé an mhaidin seo agus sheas sé ar an aill a bhí ag tóin a thighe. Chonnaic sé cosamhlacht aoibhinn álainn ar an lá, dubhairt se leis féin go ngabhfadh sé ag iasgach. Nuair a d'ith sé a bhriceasta d'imthigh leis. Ghlaoigh sé ar an mac leis an gcurrach a chur síos inéindigh leis. Nuair a bhí an currach thíos chuaidh sé agus thóg sé baoidhte. Nuair a bhí sé réidthighhe le dhul ag an gcurrach chonnaic sé an rón chuige aniar trí chuisle, agus sé an t-ainm a bhí ar an gcuisle Lochán Na Leathóg. Níl deis cothuighthe críochnuighthe ar bith amuich ag an rón ach leathógaí, agus bhíodh leathógaí ins an lochán seo.

Bhí laidhe ar a ghualainn aige tar éis a bheith ag baint na mbaoidhte aige lean sé an rón leis an láidhe ach déirigh leis an rón go raibh an oiread uisge aige agus thug ar an domhain é. D'imthigh leis agus chuaidh sé sa gcurrach go dtí áit a dtugtar Barr Na Coradh air. Bhí sé ag imtheacht anonn is anall ag cuartú bráighte. Dá n-éirigheadh leat bheith idir an stupóg agus an leasán dearfá leat féin go raibh bráighte iasgach agat. Sgaoil sé amach a chloch théide (ancaire) nuair a shásuigh sé a intinn. Fuair se a chuid druighfe (dorugha) faoi réir agus thosuigh sé ag iasgach. Bhí sé ag marbhú corr-bhallach, corr ronnach agus corr-mhangach le n-a dorugha marbh (an ceann atá leigte indiaidh na curraighe) Nuair a d'árduigh an taoille bhuail an t-iasg a gceann fúthabh. Séard tsórt duine a bhí ann duine leisgeamhail agus duine mór chodlatach. Dubhairt sé leis féin go dtáinig ceo codlaidh air, luigh sé amuich i dtosach na curraighe. Pé brí céard d'éirigh don téad gearradh í agus bhí daoine a déanamh amach gurbh é an rón a ghearr í nuair a fuair sé ina chodladh é. Bhí fuaradh beag dhe ghaoith aniar díreach ann, agus, barr ar an átha an lá céadna, ní raibh currach ná bád ar an bhfairrge. Bhí an churrach ag imtheacht léithe agus sé an áit ar bhuail sí talamh i dTamhain. Bhí beirt b'an ag cruinnéail feamuinne ins an gcladach agus bhreathnuigheadar isteach sa gcurrach. Chonnaiceadar fear ní raibh fhios aca beo nó marbh é. Sgannruigheadar. Chuadar abhaile. D'innisigheadar a sgéal. Tháinig Tadhg Ó Clúnáin anuas agus Michéal Ó Fatha agus Domhnaill Ó Beirn, Chuaidh Tadg Ó Cualáin anonn agus chrath sé é. Nuair a d'éirigh sé agus bhreathnuigh sé faoi is thairis agus chonnaic sé na daoine nach bhfaca sé ariamh cheana bhí scéin an mhurdail idir a dhá shúil. D'fíafuigh sé díobh go huafásach cén áit a raibh sé. Dubhradar leis go raibh sé i dTamhain. Chuaidh sé amach as an gcurrach, bhreathnuigh sé ar an téad. Tá sin déanta," adeir sé, d'fíafuigh na fir dó céard a tharla dó. D'innis sé dóibh. Chuireadar suas an currach agus thugadar ag an teach é. Fuair sé díol an rí de dhinnear.

Nuair a bhí am dinnéar caithte aige d'fhiafruigheadar dó cérbh as é, d'innis sé dóibh. D'imthigh Domnall ó Beirn. Thug sé capall srian agus diallaid leis, Chuir sé sgéal i mbarr bata go Baile an Tighe Mhóir. Dubhairt sé leob go raibh Micil Ó Céide slán sábháilte agus go mbeadh sé sa mbaile san oidhche lár na bhárach. Nuair a bhí roisín caithte acab cruinnigh an t-aos óg isteach mar is gnás é atá is gach uile thír nuair a thiocfaidh strainseara ar an mbaile. Thosuigh ceol agus damhsa. Bhí an cailín óg ins an teach agus d'iarr sí Micil Ó Céide ag damhsa. "Níl mé indon," adeir sé

"Tuige? adeir sí.

"Tá mo dhá chois comh basach is go bhfuil siad sa mbealach orm. Tá ceann aca a dhul soir agus an ceann eile a dhul siar," mar sin féin d'éirigh sé agus an chéad mháirséail a rinne sé cuireadh ar mullach a chinn é. "Gabhfaidh sibh mo leithsgéal," adeir sé, "feiceann sibh féin an chuid eile," Ar maidin lár na bhárach nuair a fuair sé an lá gléasadh a bhriceasta dó, agus an togha. Cuireadh ciseán mór chun fairrge leis le arán, té agus bainne, agus dhe dhéanta na fírinne ní raibh aon ghnaithe de bheagán aige. Níor facthas ariamh é gan a ghoile a bheith ar chúl a glaise aige. D'imthigh muintir an bhaile trí chéile. Dhíolacadar chun bealaigh é. Chraith sé lámh leob agus b'fiú dhó. Rug sé ar a dhá mhaide rámha. Bhí sé ag baint buille as. Chonnaic sé bád ag eirighe amach ar Dhroichead an Chláirín. Chuir sé a hata i mbarr an mhaide rámha. Nuair a chonnaic na bádóirí é rinne siad air agus cé bheadh ann ach Máirtín Bheartle Mhac Confaola as Leitir Mealláin. D'fhiafruigheadar dó cá raibh sé a dul. dubhairt sé gur go Carraig an Mhatail é. Chaitheadar ceann téide aige agus tharraingheadar ina ndiaidh é go ndeachaidh sé don Mhatal. Chuaidh sé ar a dhá mhaide rámha agus bhí sé ag iomradh leis isteach. Nuair a bhí sé a dhul tar an gcarraig seo bhí bean ina suidhe ar an gcarraig mar a bheadh sí ina suan codlata. Cochal uaine i láimh léithe agus raca cinn ins an láimh eile. "Go mbeannuightear duit a bhean uasal," adeir sé, "cén t-ughdar in a bheith in uaigneas leat féin?"

Níor labhair sí. "b'éidir," adeir sé, gur éilean cluas atá ort agus nach dtuigeann tú mé?" Sin é an uair a chorruigh sí. "Anois," adeir sí, "caithfidh mé tú a fhreagairt. Dá dtugta-sa aire do do ghnaithe ní i dTamhain a bheadhthá aréir. Tá mise," adeir sí, "ar Sgéirdí árd le naoi gcéad déag an sgór agus an t-ochtmhadh bliain. Shlad mé an Traoi agus bhádh mé na dáinte. Rinne mé baintreabhacha de na céadta agus d'fág mé clann lag gan bhrigh. Sé m'athair ord caithte na muime báidhte an ainsprid gréinun a dhiúltuigh Críost."

"Chuir sé ar an gcarraig seo mé ag tabhairt fáfail dom agus beidh mé ann le linn a saoghail. Cuirimse faoi gheasa tú," adeir sí, "agus faoi cumhachta Phádraic i ngleann Domhnaill go raibh t-árus ceangluighthe d'inneoin céardchan mar is ball í a bheannuigh Brighid." D'éirigh sí ina seasamh agus chraith sí an aill sin. Sgoil sí, sgáin sí í ó thaoibh go taobh. Cuir sí síon aiste agus agal gránna. Chuaidh sé den léim sin don chloch Máire agus ar aill Paits Pháidin a shuidh sí síos. Chodail sí an oidhche sin i gCnocán a tSealta agus lár na bhárach i dTula Bhuidhe. Dhíbir sí na bric i gClochar a' Mhadra ach go lá an bhráthach ní feicfear í.